ISSN 1725-2571

Eagrán Speisialta *
21 Bealtaine 2009

# Iris Oifigiúil
# an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsiú éigeantach*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (CE) Uimh. 396/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa chun na cineálacha costais atá incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ón CSE a leathnú** . . . . . . . . . . . . . . . . 1

★ **Rialachán (CE) Uimh. 397/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le hincháilitheacht infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh inathnuaite san earnáil tithíochta** . . . . . . . . . . . . . . . . 3

★ **Rialachán (CE) Uimh. 398/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis flora agus fauna fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil, i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún** . . . . . . . . . . . . . . . . 5

★ **Rialachán (CE) Uimh. 399/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 ón gComhairle maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar, i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún** . . . . . . . . . . . . . . . . 9

★ **Rialachán (CE) Uimh. 400/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach um chuntais náisiúnta agus réigiúnacha sa Chomhphobal i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún** . . . . . . . . . . . . . . . . 11

★ **Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (leagan códaithe)** . . . . . . . . . . . . . . . . 13

**Ceartúchán**

★ **Ar Chinneadh 2002/772/CE, CEFA ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 agus an 23 Meán Fómhair 2002 a leasaíonn an Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomchoiteann dhíreach, i gceangal le Chinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom** (Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach L 283 an 21 Deireadh Fómhair 2002) . . . . . . . . . . . . . . . . 23



* Faoin tagairt L 126 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

# I

*(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsiú éigeantach)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (CE) Uimh. 396/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Bealtaine 2009**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa chun na cineálacha costais atá incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ón CSE a leathnú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 148 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 56 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe ([3]) go mbunófar rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais ar an leibhéal náisiúnta, maille le heisceachtaí áirithe arna leagan síos do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

(2) Socraítear le hAirteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) cén caiteachas atá incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ón CSE faoi mar atá sé sainithe in Airteagal 11(1) den Rialachán sin.

(3) Tugann an ghéarchéim airgeadais údar don ghá atá le tuilleadh simplithe chun rochtain a éascú ar dheontais arna gcómhaoiniú ag CSE.

(4) Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina tuarascáil bhliantúil 2007 gur cheart go mbeadh na húdaráis reachtaíochta agus an Coimisiún sásta athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh na gclár caiteachais a bheidh ann amach anseo trí bhreithniú cuí a dhéanamh ar an mbonn ar a ríomhtar na costais incháilithe a shimpliú agus trí úsáid níos mó a bhaint as íocaíochtaí cnapshuime nó cothromráta in ionad aisíocaíocht a dhéanamh ar 'fíorchostais'.

(5) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an simpliú is gá ar bhainistiú, ar riaradh agus ar rialú na n-oibríochtaí a fhaightear deontas CSE ina leith, go háirithe nuair atá siad nasctha le córas aisíocaíochta bunaithe ar thorthaí, is cuí dhá chineál costais incháilithe sa bhreis a chur leo, eadhon, cnapshuimeanna agus scálaí caighdeánacha cothromráta costais aonaid.

(6) D'fhonn an deimhneacht dhlíthiúil i ndáil le hincháilitheacht caiteachais a áirithiú, ba cheart go mbeadh an simpliú sin infheidhme ar gach deontas a fhaightear ón CSE. Ba cheart, mar sin, go mbeadh gá le cur i bhfeidhm cúlghabhálach le héifeacht ón 1 Lúnasa 2006, arb é an dáta ar tháinig Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 i bhfeidhm.

(7) Ba cheart, mar sin, Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 a leasú dá réir sin,

([1]) Tuairim an 25 Feabhra 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009.
([3]) IO L 210, 31.7.2006, lch. 25.
([4]) IO L 210, 31.7.2006, lch. 12.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear mír 3 d'Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 leis seo mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) i gcás deontas:

(i) costais indíreacha, arna ndearbhú ar bhonn cothromráta, de suas le 20 % de chostais dhíreacha oibríochta;

(ii) costais chothromráta arna ríomh trí scálaí caighdeánacha costais aonaid, arna sainiú ag an mBallstát, a chur i bhfeidhm;

(iii) cnapshuimeanna chun costais iomlána oibríochta, nó cuid díobh, a chumhdach'.

2. cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

'Ní fhéadfar na roghanna dá dtagraítear i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) de phointe (b) a chomhcheangal ach amháin i gcás ina gcumhdaíonn gach ceann acu catagóir éagsúil chostais incháilithe nó i gcás ina mbaintear úsáid astu le haghaidh tionscadal éagsúil san oibríocht chéanna.

Socrófar na costais dá dtagraítear i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) de phointe (b) roimh ré ar bhonn ríomha a bheidh cóir, cothromasach agus infhíoraithe.

Ní rachaidh an chnapshuim dá dtagraítear i bpointe (iii) de phointe (b) thar EUR 50 000'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige, áfach, ón 1 Lúnasa 2006.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 6 Bealtaine 2009.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,* | *Thar ceann na Comhairle,* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | J. KOHOUT |

# RIALACHÁN (CE) Uimh. 397/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 6 Bealtaine 2009

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le hincháilitheacht infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh inathnuaite san earnáil tithíochta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 162 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) D'fhonn acmhainn foráis inbhuanaithe na hEorpa a fheabhsú san fhadtéarma, ghlac an Coimisiún an 26 Samhain 2008 Teachtaireacht ar Phlean do Théarnamh Eacnamaíoch Eorpach a dhéanann an tábhacht a bhaineann le tabhairt faoi infheistíochtaí a fheabhsóidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, lena n-áirítear san earnáil tithíochta, a mheas.

(2) Tacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) le hidirghabhálacha san earnáil tithíochta, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, i bhfabhar na mBallstát a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin, agus ina bhfabhar sin amháin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Ba cheart an tacaíocht airgeadais sin don infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh inathnuaite san earnáil tithíochta a chur ar fáil le haghaidh na mBallstát ar fad.

(3) Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do na hinfheistíochtaí sin a dhéantar faoi chuimsiú na scéimeanna poiblí i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le héifeachtúlacht úsáide deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh ([4]).

(4) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe a leagtar amach in Airteagal 158 den Chonradh, ba cheart go dtacódh idirghabhálacha leis an gcomhtháthú sóisialta.

(5) Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina tuarascáil bhliantúil 2007 gur cheart go mbeadh na húdaráis reachtaíochta agus an Coimisiún sásta athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh na gclár caiteachais a bheidh ann amach anseo trí bhreithniú cuí a dhéanamh ar an mbonn ar a ríomhtar na costais incháilithe a shimpliú agus trí úsáid níos mó a bhaint as íocaíochtaí cnapshuime nó cothromráta in ionad aisíocaíocht a dhéanamh ar 'fíorchostais'.

(6) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an simpliú is gá ar bhainistiú, ar riaradh agus ar rialú na n-oibríochtaí a bhfaightear deontas ERDF ina leith, go háirithe nuair atá siad nasctha le córas aisíocaíochta bunaithe ar thorthaí, is cuí trí chineál costais incháilithe sa bhreis a chur leo, eadhon, costais indíreacha, cnapshuimeanna agus scálaí caighdeánacha cothromráta costais aonaid.

(7) D'fhonn an deimhneacht dhlíthúil i ndáil le hincháilitheacht caiteachais a áirithiú, ba cheart go mbeadh na cineálacha breise chostais incháilithe sin infheidhme ar gach deontas a fhaightear ón ERDF. Ba cheart, mar sin, go mbeadh cur i bhfeidhm cúlghabhálach riachtanach ón 1 Lúnasa 2006, arb é an dáta ar tháinig Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 i bhfeidhm.

(8) Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 leis seo mar a leanas:

1) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. I ngach Ballstát, beidh caiteachas ar fheabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh agus ar úsáid fuinnimh inathnuaite i gcás tithíochta atá ann cheana incháilithe go dtí méid arb ionann é agus 4 % den leithdháileadh iomlán ERDF.

Saineoidh na Ballstáit na catagóirí de thithíocht incháilithe ina rialacha náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 56(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, d'fhonn tacú leis an gcomhtháthú sóisialta.'.

2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh de mhír 2:

'2 Is iad na Ballstáit sin a d'aontaigh don Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004 nó ina dhiaidh sin, agus iad sin amháin, a bheidh incháilithe do chaiteachas ar thithíocht, ach amháin do chaiteachas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar úsáid fuinnimh inathnuaite faoi mar a leagtar amach i mír 1a é, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:'.

([1]) Tuairim an 25 Feabhra 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009.
([3]) IO L 210, 31.7.2006, lch. 1.
([4]) IO L 114, 27.4.2006, lch. 64.

3) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. I gcás deontas, is caiteachas incháilithe iad na costais seo a leanas le haghaidh ranníocaíochta ón ERDF, ar an gcoinníoll go dtabhaítear iad i gcomhréir le rialacha náisiúnta, lena n-áirítear rialacha cuntasaíochta, agus faoi na coinníollacha sonracha dá bhforáiltear thíos:

(i) costais indíreacha, arna ndearbhú ar bhonn cothromráta, de suas le 20 % de chostais dhíreacha oibríochta;

(ii) costais chothromráta arna ríomh trí scálaí caighdeánacha costais aonaid, arna sainiú ag an mBallstát, a chur i bhfeidhm;

(iii) cnapshuimeanna chun costais iomlána oibríochta, nó cuid díobh, a chumhdach.

Ní fhéadfar na roghanna dá dtagraítear i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) a chomhcheangal ach amháin i gcás ina gcumhdaíonn gach aon cheann acu catagóir éagsúil chostais incháilithe nó i gcás ina mbaintear úsáid astu le haghaidh tionscadal éagsúil san oibríocht chéanna.

Socrófar na costais dá dtagraítear i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) roimh ré agus ar bhonn ríomha a bheidh cóir, cothromasach agus infhíoraithe.

Ní rachaidh an chnapshuim dá dtagraítear i bpointe (iii) thar EUR 50 000.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(3), áfach, ón 1 Lúnasa 2006.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 6 Bealtaine 2009.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
H.-G. PÖTTERING

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. KOHOUT

# RIALACHÁN (CE) Uimh. 398/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 23 Aibreán 2009**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis flora agus fauna fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil, i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 [3] go bhfuil bearta áirithe le glacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún [4].

(2) Rinneadh Cinneadh 1999/468/CE a leasú le Cinneadh 2006/512/CE [5], lenar tugadh isteach an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun bearta a ghlacadh a bhfuil raon feidhme ginearálta acu, ar bearta iad atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha d'ionstraim bhunaidh arna glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh a leasú, *inter alia* trí roinnt de na heilimintí sin a scriosadh nó tríd an ionstraim a fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha.

(3) I gcomhréir leis an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún [6] maidir le Cinneadh 2006/512/CE, chun go mbeidh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú infheidhme maidir le hionstraimí atá i bhfeidhm cheana agus a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh, ní mór na hionstraimí sin a choigeartú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme.

(4) Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún bearta áirithe a ghlacadh lena rialáiltear an trádáil i speicis flora agus fauna fiáine, leasuithe áirithe a ghlacadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus bearta breise a ghlacadh chun rúin ó Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le trádáil idirnáisiúnta i speicis fauna agus flora fiáine atá i mbaol (CITES) (dá ngairtear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta), chun cinntí nó moltaí ó Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin agus chun moltaí ó Rúnaíocht an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(5) Ar mhaithe le héifeachtúlacht, ba cheart na gnáth-theorainneacha ama a bhaineann leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a chiorrú chun bearta a ghlacadh lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, ionas go gcomhlíonfaí an sprioc do theacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(6) Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 338/97 mar a leanas:

1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh i mír 6:

'6. I gcomhairle leis na tíortha tionscnaimh lena mbaineann, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2) agus aon tuairim ón nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta á cur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún srianta ginearálta, nó srianta a bhaineann le tíortha tionscnaimh áirithe, a bhunú maidir leis na heiseamail seo a leanas a thabhairt isteach sa Chomhphobal:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. I gcás ina dtarlaíonn cásanna speisialta athlastála, idirthurais aeir nó iompair d'iarnród tar éis eiseamail a thabhairt isteach sa Chomhphobal, deonfaidh an Coimisiún maoluithe ó sheiceálacha a chur i gcrích agus ó dhoiciméid allmhairithe a thabhairt ar aird in oifig custaim teorann ag an bpointe iontrála dá dtagraítear i mír 1 go mír 4 chun go gceadófar seiceálacha agus tabhairt ar aird den sórt sin a dhéanamh ag oifig custaim eile arna hainmiú i gcomhréir le hAirteagal 12(1).

[1] IO C 211, 19.8.2008, lch. 45.

[2] Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meán Fómhair 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 23 Márta 2009.

[3] IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

[4] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

[5] IO L 200, 22.7.2006, lch. 11.

[6] IO C 255, 21.10.2006, lch. 1.

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

2) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. I gcás ina mbaineann iarratas ar dheimhniú athonnmhairithe le heiseamail a tugadh isteach sa Chomhphobal faoi cheadúnas allmhairithe arna eisiúint ag Ballstát eile, caithfidh an t-údarás bainistíochta dul i gcomhairle ar dtús leis an údarás bainistíochta a d'eisigh an ceadúnas. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na nósanna imeachta comhairliúcháin agus na cásanna ina mbíonn comhairliúchán riachtanach a bhunú. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i mír 7:

'(b) Aon uair a thabharfar faisnéis d'údarás bainistíochta maidir leis na bearta dá dtagraítear in (a), cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas agus seolfaidh sé tuairimí chuig an gCoimisiún a mholfaidh, más cuí sin, srianta ar onnmhairiú na speiceas lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';

3) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) i mír 1:

'(c) Sonróidh an Coimisiún na critéir chun a chinneadh cibé acu a rugadh agus a tógadh eiseamal i mbraighdeanas nó a iomadaíodh go saorga é agus cibé acu chun críocha tráchtála nó chun críocha eile a rinneadh amhlaidh, mar aon leis na coinníollacha speisialta dá dtagraítear in (b). Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) i mír 2:

'(c) Mura n-eisítear an doiciméad dá dtagraítear in (b) roimh onnmhairiú nó roimh athonnmhairiú, ní mór an t-eiseamal a urghabháil agus féadfar, i gcás inarb infheidhme, é a choigistiú mura dtabharfar an doiciméad go cúlghabhálach i gcomhlíonadh na gcoinníollacha arna sonrú ag an gCoimisiún. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

'3. *Earraí pearsanta agus earraí tí*

De mhaolú ar Airteagal 4 agus ar Airteagal 5, ní bheidh feidhm ag na forálacha iontu maidir le heiseamail mharbha, codanna agus díorthaigh de speicis atá liostaithe in Iarscríbhinní A go D ar earraí pearsanta nó earraí tí iad atá á dtabhairt isteach sa Chomhphobal, nó á n-onnmhairiú nó á n-athonnmhairiú ón gComhphobal, i gcomhlíonadh forálacha arna sonrú ag an gCoimisiún. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3);

4. *Institiúidí eolaíochta*

Ní bheidh na doiciméid dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 8 agus 9 ag teastáil i gcás iasachtaí, síntiús nó malartuithe neamhthráchtála idir eolaithe agus institiúidí eolaíochta atá cláraithe ag údaráis bainistíochta na Stát ina bhfuil siad lonnaithe, d'eiseamail luslainne agus d'eiseamail leasaithe, triomaithe nó leabaithe eile músaeim, agus d'ábhar beo planda, ar a bhfuil lipéad, ar socraíodh an múnla dó i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2) nó ar a bhfuil lipéad den tsamhail chéanna a bheidh eisithe nó ceadaithe ag údarás bainistíochta de chuid tríú tír.';

4) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Maidir le maoluithe ginearálta ar na toirmisc dá dtagraítear i mír 1 agus atá bunaithe ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, mar aon le maoluithe ginearálta maidir le speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn A i gcomhréir le pointe (ii) d'Airteagal 3(1)(b), féadfaidh an Coimisiún iad a shainiú. Ní mór d'aon mhaoluithe den sórt sin a bheith i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta Comhphobail eile maidir le caomhnú flora agus fauna. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

5) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Féadfaidh an Coimisiún srianta a bhunú ar choinneáil nó ar bhogadh eiseamal beo de speiceas den sórt sin ar ina leith a bunaíodh srianta ar iad a thabhairt isteach sa Chomhphobal i gcomhréir le hAirteagal 4(6). Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

6) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Socróidh an Coimisiún teorainneacha ama maidir le ceadúnais agus deimhnithe a eisiúint. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

7) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcásanna eisceachtúla agus i gcomhréir leis na critéir arna sainiú ag an gCoimisiún, féadfaidh údarás bainistíochta tabhairt isteach sa Chomhphobal nó onnmhairiú nó athonnmhairiú ón gComhphobal a údarú ag oifig custaim seachas ag an oifig custaim arna hainmniú i gcomhréir le mír 1. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).';

8) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí i bpointe (a):

'Sonróidh an Coimisiún an fhaisnéis atá le cur in iúl agus an fhormáid dá cur i láthair i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí i bpointe (c):

'Sonróidh an Coimisiún an fhaisnéis atá le cur in iúl agus an fhormáid dá cur i láthair i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. D'fhonn leasuithe ar na hIarscríbhinní a ullmhú, cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát an fhaisnéis ábhartha uile ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Sonróidh an Coimisiún an fhaisnéis atá ag teastáil, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).';

9) Leasaítear Airteagal 18 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus (5)(b) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Mí amháin, mí amháin agus dhá mhí faoi seach a bheidh sna teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 5a(3)(c) agus (4)(b) agus (e) de Chinneadh 1999/468/CE.'

10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

'*Airteagal 19*

1. I gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2), glacfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4(6), in Airteagal 5(7)(b), in Airteagal 7(4), in Airteagal 15(4)(a) agus (c), in Airteagal 15(5) agus in Airteagal 21(3).

Cinnfidh an Coimisiún leagan amach na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 7(4) agus 10 i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).

2. Glacfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4(7), in Airteagal 5(5), in Airteagal 7(1)(c), (2)(c) agus (3), in Airteagal 8(4), in Airteagal 9(6), in Airteagal 11(5) agus in Airteagal 12(4). Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

3. Socróidh an Coimisiún coinníollacha agus critéir aonfhoirmeacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) eisiúint, bailíocht agus úsáid na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 7(4) agus 10;

(b) deimhnithe sláinte plandaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(b)(i) a úsáid;

(c) nósanna imeachta a bhunú, i gcás inar gá, maidir le heiseamail a mharcáil chun sainaithint a éascú agus forfheidhmiú na bhforálacha a áirithiú;

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

4. Glacfaidh an Coimisiún bearta breise, i gcás inar gá, chun rúin ó Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, cinntí nó moltaí ó Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin agus moltaí ó Rúnaíocht an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

5. Leasóidh an Coimisiún Iarscríbhinní A go D ach amháin i gcás leasuithe ar Iarscríbhinn A nach dtagann ó chinntí de chuid Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 18(4).';

11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh in Airteagal 21(3):

‘3. Dhá mhí roimh chur chun feidhme an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2), agus i gcomhairle leis an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta:’

*Airteagal 2*

**Teacht i bhFeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreán 2009.

| Thar ceann Pharlaimint na hEorpa | Thar ceann na Comhairle |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | P. NEČAS |

# RIALACHÁN (CE) Uimh. 399/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Aibreán 2009

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 ón gComhairle maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar, i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 ón gComhairle go ([3]) bhfuil bearta áirithe le glacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([4]).

(2) Leasaíodh Cinneadh 1999/468/CE le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle ([5]), lenar tugadh isteach an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun bearta a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a ghlacadh, ar bearta iad atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha d'ionstraim bhunaidh, arna glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh, a leasú.

(3) I gcomhréir leis an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ([6]) maidir le Cinneadh 2006/512/CE, chun go mbeidh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú infheidhme maidir le hionstraimí atá i bhfeidhm cheana agus a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh, ní mór na hionstraimí sin a choigeartú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme.

(4) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1172/98, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na saintréithe maidir le bailiú sonraí agus inneachar na nIarscríbhinní a oiriúnú, chomh maith le híoscheanglais bheachtais do na tuairisceáin staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit a leagan síos mar aon leis na nósanna imeachta cur chun feidhme don Rialachán sin, lena n-áirítear bearta chun an Rialachán sin a oiriúnú don ascnamh eacnamaíoch agus teicniúil. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán sin a leasú, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(5) Ba cheart, mar sin, Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 mar a leanas:

1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(4):

'4. Is é an Coimisiún a ghlacfaidh na saintréithe maidir le bailiú sonraí agus inneachar na nIarscríbhinní. Maidir leis an mbeart sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(3).';

2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

**Beachtas na dtorthaí**

Ní foláir na modhanna chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil a cheapadh ar shlí a áiritheoidh go gcomhlíonann na torthaí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit na híoschaighdeáin bheachtais, agus aird á tabhairt ar shaintréithe struchtúracha an iompair de bhóthar sna Ballstáit. Is é an Coimisiún a ghlacfaidh na ceanglais bheachtais. Maidir leis an mbeart sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(3).';

3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2):

'2. Déanfar na socruithe maidir le tarchur na sonraí dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na táblaí staidrimh a bheidh bunaithe ar na sonraí sin, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2).';

4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

**Scaipeadh na dtorthaí**

Déanfar na forálacha maidir le scaipeadh na dtorthaí staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar, lena n-áirítear struchtúr agus inneachar na dtorthaí a bheidh le scaipeadh, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2).';

5) Scriostar Airteagal 9;

([1]) IO C 211, 19.8.2008, lch. 36.

([2]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meán Fómhair 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 23 Márta 2009.

([3]) IO L 163, 6.6.1998, lch. 1.

([4]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

([5]) IO L 200, 22.7.2006, lch. 11.

([6]) IO C 255, 21.10.2006, lch. 1.

6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gClár Staidrimh, arna chur ar bun le Cinneadh 89/382/CEE, Euratom cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus (5)(a) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreán 2009.

| Thar ceann Pharlaimint na hEorpa | Thar ceann na Comhairle |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | P. NEČAS |

# RIALACHÁN (CE) Uimh. 400/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Aibreán 2009

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach um chuntais náisiúnta agus réigiúnacha sa Chomhphobal i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle ([2]) go nglacfar bearta áirithe i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([3]).

(2) Leasaíodh Cinneadh 1999/468/CE le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle ([4]), lenar tugadh isteach an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun bearta a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a ghlacadh, ar bearta iad atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha d'ionstraim bhunaidh, arna glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh, a leasú, *inter alia* trí roinnt de na heilimintí sin a scriosadh nó tríd an ionstraim a fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha.

(3) I gcomhréir leis an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ([5]) maidir le Cinneadh 2006/512/CE, chun go mbeidh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú infheidhme maidir le hionstraimí atá i bhfeidhm cheana agus a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh, caithfear na hionstraimí sin a choigeartú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme.

(4) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún leasuithe a ghlacadh ar mhodheolaíocht Chóras Eorpach na gCuntas 1995 agus chun cinntí a dhéanamh maidir leis na hathruithe ar na sonraí a iarrtar ar na Ballstáit. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(5) Ba cheart, mar sin, Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Glacfaidh an Coimisiún leasuithe ar mhodheolaíocht ESA 95, ar leasuithe iad atá ceaptha chun a hinneachar a shoiléiriú agus a fheabhsú, ar choinníoll nach n-athraíonn siad a coincheapanna bunúsacha, nach n-éilítear acmhainní breise chun iad a chur chun feidhme agus nach gcuireann siad faoi deara méadú ar a hacmhainní dílse. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 4(2)';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 3(2):

'Laistigh de na teorainneacha arna socrú in Airteagal 2(2), glacfaidh an Coimisiún aon athruithe — táblaí nua, tíortha nua agus/nó réigiúin nua lena mbaineann — sna sonraí a iarrtar ar na Ballstáit. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 4(2)';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

1. Tabharfaidh an Coiste um an gClár Staidrimh (dá ngairtear "an Coiste" anseo feasta) cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4), agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de'.

([1]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Samhain 2008 (nár foilsíodh fós san Irish Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2009.

([2]) IO L 310, 30.11.1996, lch. 1.

([3]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

([4]) IO L 200, 22.7.2006, lch. 11.

([5]) IO C 255, 21.10.2006, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreáin 2009.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
H.-G. PÖTTERING

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NEČAS

# RIALACHÁN (CE) Uimh. 401/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Aibreán 2009

## maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol

**(leagan códaithe)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90 an 7 Bealtaine 1990 ón gComhairle maidir le bunú na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil agus an Ghréasáin Eorpaigh um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol [3] a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta [4]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht ba cheart an Rialachán sin a chódú.

(2) Foráiltear sa Chonradh d'fhorbairt agus do chur chun feidhme beartas Comhphobail maidir leis an gcomhshaol, agus leagtar síos leis na cuspóirí agus na prionsabail ar cheart dóibh beartas den sórt sin a rialú.

(3) Beidh na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil ina gcomhpháirt de bheartais eile an Chomhphobail.

(4) De réir Airteagal 174 den Chonradh, agus a ghníomh a bhaineann leis an gcomhshaol á ullmhú ag an gComhphobal, déanfaidh sé, *inter alia*, na sonraí eolaíocha agus teicniúla atá ar fáil a chur san áireamh.

(5) Tá gá le sonraí ar an gcomhshaol a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú ar an leibhéal Eorpach chun faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide a sholáthar ar faisnéis í lena gcuirfear ar chumas an Chomhphobail agus na mBallstát na bearta is gá a ghlacadh chun an comhshaol a chosaint, torthaí na mbeart sin a mheasúnú agus a áirithiú go gcuirtear an pobal i gcoitinne ar an eolas go cuí faoi staid an chomhshaoil.

(6) Tá saoráidí ann cheana sa Chomhphobal agus sna Ballstáit ar saoráidí iad trína soláthraítear faisnéis agus seirbhísí den sórt sin.

(7) Ba cheart go mbeidís ina mbonn don Ghréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol a bheidh á chomhordú ar leibhéal an Chomhphobail tríd an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

(8) Tá na prionsabail ghinearálta agus na teorainneacha lena rialaítear feidhmiú an chirt rochtana ar dhoiciméid, dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh, leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin [5].

(9) Ba cheart don Ghníomhaireacht comhoibriú leis na struchtúir atá ann cheana ar leibhéal an Chomhphobail chun a chur ar chumas an Choimisiúin a áirithiú go gcuirtear reachtaíocht an Chomhphobail maidir leis an gcomhshaol i bhfeidhm go hiomlán.

(10) Ba cheart go mbeadh stádas agus struchtúr na Gníomhaireachta ag freagairt do charachtar oibiachtúil na dtorthaí atá beartaithe aici a bhaint amach agus, de bharr an stádais agus an struchtúir sin, go mbeadh sí in ann a feidhmeanna a chomhall i ndlúthchomhar leis na saoráidí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana.

(11) Ba cheart uathriail dhlíthiúil a thabhairt don Ghníomhaireacht ach dlúthnaisc a choimeád freisin le hinstitiúidí an Chomhphobail agus leis na Ballstáit.

(12) Tá sé inmhianaithe foráil a dhéanamh go mbeidh an Ghníomhaireacht ar oscailt do thíortha eile, faoi chomhaontuithe a thabharfar i gcrích idir iad agus an Comhphobal, ar tíortha iad ar cás leo, mar is cás leis an gComhphobal agus leis na Ballstáit, cuspóirí na Gníomhaireachta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

1. Foráiltear leis an Rialachán seo don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus is é is aidhm dó gréasán Eorpach um fhaisnéis agus um fhaire ar an gcomhshaol a chur ar bun.

2. Chun na haidhmeanna a bhaineann le cosaint agus le feabhsú an chomhshaoil, mar a leagtar síos iad leis an gConradh agus le cláir ghníomhaíochta chomhleanúnacha an Chomhphobail maidir leis an gcomhshaol, mar aon leis na haidhmeanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, a bhaint amach is é is cuspóir don Ghníomhaireacht agus don Ghréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol na nithe seo a leanas a sholáthar don Chomhphobal agus do na Ballstáit:

(a) faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide ar an leibhéal Eorpach ar faisnéis í lena gcuirfear ar a gcumas na

[1] IO C 162, 25.6.2008, lch. 86.

[2] Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Feabhra 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 23 Márta 2009.

[3] IO L 120, 11.5.1990, lch. 1.

[4] Féach Iarscríbhinn II.

[5] IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

bearta is gá a ghlacadh chun an comhshaol a chosaint, torthaí beart den sórt sin a mheasúnú agus a áirithiú go gcuirtear an pobal i gcoitinne ar an eolas go cuí faoi staid an chomhshaoil, agus chuige sin;

(b) an tacaíocht theicniúil agus eolaíoch is gá.

*Airteagal 2*

D'fhonn an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach, is iad seo a leanas cúraimí na Gníomhaireachta:

(a) an gréasán dá dtagraítear in Airteagal 4 a bhunú, i gcomhar leis na Ballstáit, agus an gréasán sin a chomhordú; sa chomhthéacs sin, beidh an Ghníomhaireacht freagrach as sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, go háirithe sonraí sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 3;

(b) faisnéis oibiachtúil a sholáthar don Chomhphobal agus do na Ballstáit, arb í an fhaisnéis í is gá chun beartais chomhshaoil fhónta agus éifeachtacha a chruthú agus a chur chun feidhme; chuige sin, go háirithe an fhaisnéis a theastaíonn ón gCoimisiún a sholáthar dó chun go mbeidh sé in ann na cúraimí atá air a chomhall go rathúil maidir le bearta agus le reachtaíocht i réimse an chomhshaoil a shainaithint, a ullmhú agus a mheasúnú;

(c) cúnamh a thabhairt maidir le faireachán a dhéanamh ar bhearta comhshaoil trí thacaíocht chuí do cheanglais tuairiscithe (lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i bhforbairt ceistneoirí, i bpróiseáil tuarascálacha ó Bhallstáit agus i ndáileadh na dtorthaí), i gcomhréir lena clár oibre ilbhliantúil agus ar mhaithe le tuairisciú a chomhordú;

(d) comhairle a thabhairt do na Ballstáit aonair maidir le forbairt, bunú agus leathnú a gcuid córas chun faireachán a dhéanamh ar na bearta comhshaoil, arna iarraidh sin dóibh agus i gcás ina mbeidh sé sin i gcomhréir le clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta, agus ar choinníoll nach ndéanann gníomhaíochtaí den sórt sin comhlíonadh na gcúraimí eile arna mbunú leis an Airteagal seo a chur i mbaol; féadfaidh athbhreithnithe piaraí ó shaineolaithe a bheith san áireamh i gcomhairle den sórt sin arna iarraidh sin go sonrach do na Ballstáit;

(e) sonraí faoi staid an chomhshaoil a thaifeadadh, a chóimheas agus a mheasúnú, tuarascálacha saineolaíocha maidir le cáilíocht agus íogaireacht an chomhshaoil, agus maidir leis na brúnna ar an gcomhshaol, laistigh de chríoch an Chomhphobail a tharraingt suas, critéir mheasúnachta aonfhoirmeacha a sholáthar i gcomhair na sonraí comhshaoil a bheidh le cur i bhfeidhm sna Ballstáit go léir, lárionad tagartha faisnéise comhshaoil a fhorbairt tuilleadh agus a chothabháil; úsáidfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i gcomhlíonadh a chúraim dó maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Chomhphobail ar an gcomhshaol a áirithiú;

(f) cuidiú a thabhairt lena áirithiú go bhfuil na sonraí comhshaoil ar an leibhéal Eorpach inchomparáide agus, más gá, comhchuibhiú feabhsaithe modhanna tomhais a spreagadh trí mheán iomchuí;

(g) cur chun cinn a dhéanamh maidir le hionchorprú na faisnéise Eorpaí comhshaoil i gcláir idirnáisiúnta maidir le faireachán ar an gcomhshaol, amhail na cláir sin arna mbunú ag na Náisiúin Aontaithe agus ag a shainghníomhaireachtaí;

(h) tuarascáil a fhoilsiú gach cúig bliana ar staid an chomhshaoil, ar chlaontaí sa chomhshaol agus ar na hionchais atá i ndán don chomhshaol, arna forlíonadh le táscthuarascálacha ina ndírítear ar shaincheisteanna sonracha;

(i) spreagadh a thabhairt maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm teicníochtaí réamhaisnéise comhshaoil ionas gur féidir bearta coisctheacha leordhóthanacha a ghlacadh in am trátha;

(j) spreagadh a thabhairt maidir le forbairt modhanna chun measúnú a dhéanamh ar chostas an damáiste a dhéantar don chomhshaol agus ar na costais a bhaineann le beartais choisctheacha, cosanta agus aisirithe maidir leis an gcomhshaol;

(k) spreagadh a thabhairt maidir le malartú faisnéise faoi na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil chun an damáiste don chomhshaol a chosc nó a laghdú;

(l) comhoibriú leis na comhlachtaí agus leis na cláir dá dtagraítear in Airteagal 15;

(m) a áirithiú go scaipfear faisnéis iontaofa agus inchomparáide faoin gcomhshaol go forleathan, go háirithe faisnéis faoi staid an chomhshaoil, i measc an phobail i gcoitinne agus, chuige sin, úsáid na teicneolaíochta nua teileamaitice a chur chun cinn chun na críche sin;

(n) tacaíocht a thabhairt don Choimisiún sa phróiseas malartaithe faisnéise maidir le forbairt modheolaíochtaí agus deachleachtais i dtaca le measúnú comhshaoil;

(o) cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le dáileadh faisnéise faoi thorthaí taighde ábhartha comhshaoil agus í i bhfoirm a sholáthróidh an cúnamh is fearr i dtaca le forbairt beartais.

*Airteagal 3*

1. Áireofar i bpríomhréimsí gníomhaíochta na Gníomhaireachta, a mhéid is féidir, na heilimintí sin go léir lena gcuirfear ar a cumas faisnéis a bhailiú lena bhféadfar cur síos a dhéanamh ar staid an chomhshaoil mar atá agus mar is intuartha de réir na gceannteideal seo a leanas:

(a) cáilíocht an chomhshaoil;

(b) na brúnna atá ar an gcomhshaol;

(c) íogaireacht an chomhshaoil;

lena n-áirítear na ceannteidil sin a chur i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe.

2. Soláthróidh an Ghníomhaireacht faisnéis ar féidir í a úsáid go díreach chun beartas comhshaoil an Chomhphobail a chur chun feidhme.

Tabharfar tús áite do na réimsí oibre seo a leanas:

(a) cáilíocht an aeir agus astaíochtaí atmaisféaracha;

(b) cáilíocht an uisce, truailleáin agus acmhainní uisce;

(c) staid na hithreach, fauna agus flora, agus biotóp;

(d) úsáid talún agus acmhainní nádúrtha;

(e) bainistíocht dramhaíola;

(f) astaíochtaí fuaime;

(g) substaintí ceimiceacha atá guaiseach don chomhshaol;

(h) cosaint chósta agus mhuirí.

Go háirithe, déanfar feiniméin trasteorann, ilnáisiúnta agus dhomhanda a chumhdach.

Cuirfear an ghné shocheacnamaíoch san áireamh freisin.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhoibriú freisin trí fhaisnéis a mhalartú le comhlachtaí eile, lena n-áirítear an Gréasán Eorpach um Chur chun Feidhme agus um Fhorghníomhú Dhlí an Chomhshaoil (Gréasán IMPEL).

Agus í i mbun a cuid gníomhaíochtaí, seachnóidh an Ghníomhaireacht dúbláil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá ar bun cheana ag institiúidí agus ag comhlachtaí eile.

*Airteagal 4*

1. Is é a bheidh sa Ghréasán:

(a) príomh-eilimintí na ngréasán náisiúnta faisnéise;

(b) na pointí fócasacha náisiúnta;

(c) na sainionaid téamaí.

2. Coimeádfaidh na Ballstáit an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi phríomh-eilimintí a gcuid gréasán náisiúnta faisnéise comhshaoil, go háirithe sna réimsí tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), lena n-áirítear aon institiúid a d'fhéadfadh, ina dtuairim, rannchuidiú le hobair na Gníomhaireachta, agus an gá lena áirithiú go bhfuil an cumhdach geografach is forleithne is féidir ann ar a gcríoch á chur san áireamh.

Comhoibreoidh na Ballstáit, de réir mar is cuí, leis an nGníomhaireacht agus rannchuideoidh siad le hobair an Ghréasán Eorpaigh um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol i gcomhréir le clár oibre na Gníomhaireachta trí na sonraí náisiúnta a bhailiú, a chóimheas agus a anailísiú.

Féadfaidh na Ballstáit teacht le chéile freisin chun comhoibriú a dhéanamh sna gníomhaíochtaí sin ar leibhéal trasnáisiúnta.

3. Féadfaidh na Ballstáit, go háirithe, 'pointe fócasach náisiúnta' a ainmniú as measc na n-institiúidí dá dtagraítear i mír 2 nó as measc eagraíochtaí eile atá bunaithe ar a gcríoch chun an fhaisnéis atá le soláthar ar an leibhéal náisiúnta don Ghníomhaireacht agus do na hinstitiúidí nó na comhlachtaí ar cuid den Ghréasán iad, lena n-áirítear na sainionaid téamaí dá dtagraítear i mír 4, a chomhordú agus/nó a tharchur.

4. Féadfaidh na Ballstáit freisin, faoin 30 Aibreán 1994, institiúidí nó eagraíochtaí eile atá bunaithe ar a gcríoch a shainaithint arb iad na hinstitiúidí nó na heagraíochtaí iad a bhféadfaí é a chur de chúram sonrach orthu comhoibriú leis an nGníomhaireacht maidir le téamaí leasa ar leith.

Ba cheart go mbeadh institiúid a shainaithneofar amhlaidh in ann comhaontú a thabhairt i gcrích leis an nGníomhaireacht chun go bhfeidhmeoidh sí mar shainionad téamaí de chuid an Ghréasáin maidir le cúraimí sonracha.

Comhoibreoidh na sainionaid sin le hinstitiúidí eile ar cuid den Ghréasán iad.

5. Déanfaidh an Bord Bainistíochta, mar a shainítear é in Airteagal 8(1), na sainionaid téamaí a ainmniú ar feadh tréimhse nach faide ná ré gach cláir oibre ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 8(4). Féadfar gach ainmniúchán a athnuachan áfach.

6. Déanfar leithdháileadh na gcúraimí sonracha ar na sainionaid téamaí a thaispeáint i gclár oibre ilbhliantúil na Gníomhaireachta a luaitear in Airteagal 8(4).

7. I bhfianaise an chláir oibre ilbhliantúil, go háirithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht athscrúdú ar bhonn tréimhsiúil ar eilimintí an Ghréasáin dá dtagraítear i mír 2 agus déanfaidh sí cibé athruithe a chinnfidh an Bord Bainistíochta, agus aon ainmniúcháin nua arna ndéanamh ag na Ballstáit á gcur san áireamh.

*Airteagal 5*

Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhaontú a dhéanamh leis na hinstitiúidí nó leis na comhlachtaí ar cuid den Ghréasán iad agus dá dtagraítear in Airteagal 4, ar comhaontú é ar na socruithe is gá, go háirithe conarthaí, chun na cúraimí a leagfaidh sí faoina gcúram a chomhall.

Féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh, maidir leis na hinstitiúidí nó leis na heagraíochtaí náisiúnta atá ar a chríoch, go ndéanfar na socruithe sin leis an nGníomhaireacht a chomhaontú leis an bpointe fócasach náisiúnta.

*Airteagal 6*

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta.

2. Féadfaidh cinntí arna nglacadh ag an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman Eorpach nó a bheith ina n-ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, faoi na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 195 agus in Airteagal 230 den Chonradh faoi seach.

*Airteagal 7*

Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an nGníomhaireacht. Beidh ag an nGníomhaireacht, i ngach ceann de na Ballstáit, an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoina dhlíthe ag daoine dlítheanacha.

*Airteagal 8*

1. Beidh Bord Bainistíochta ag an nGníomhaireacht ar a mbeidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus dhá ionadaí ón gCoimisiún. Ina theannta sin, féadfaidh ionadaí amháin ó gach tír eile atá rannpháirteach sa Ghníomhaireacht a bheith ann i gcomhréir leis na forálacha ábhartha.

Ina theannta sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa dhá phearsa eolaíochta atá saincháilithe i réimse chosaint an chomhshaoil a ainmniú mar chomhaltaí den Bhord Bainistíochta, agus roghnófar na pearsana sin ar bhonn an rannchuidithe phearsanta ar dóigh dóibh a dhéanamh i dtaca le hobair na Gníomhaireachta.

Féadfaidh comhalta malartach ionadaíocht a dhéanamh ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta.

2. Toghfaidh an Bord Bainistíochta a chathaoirleach as measc chomhaltaí an bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta. Beidh vóta ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta.

Toghfaidh an Bord Bainistíochta biúró chuig a bhféadfaidh sé cinntí feidhmiúcháin a tharmligean de réir na rialacha a ghlacfaidh sé.

3. Beidh gá le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird chun cinntí an Bhoird Bainistíochta a ghlacadh.

4. Glacfaidh an Bord Bainistíochta clár oibre ilbhliantúil a bheidh bunaithe ar na réimsí tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), agus déanfaidh sé dréacht a chuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9 faoina bhráid a úsáid mar bhonn, tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste eolaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 10, agus tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil. Áireofar meastachán buiséid ilbhliantúil sa chlár oibre ilbhliantúil, ach sin gan dochar do nós imeachta buiséadach bliantúil an Chomhphobail.

5. Faoin gclár ilbhliantúil, glacfaidh an Bord Bainistíochta clár oibre na Gníomhaireachta gach bliain ar bhonn dréachta a chuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoina bhráid tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste eolaíochta agus tuairim an Choimisiúin a fháil. Féadfar an clár a choigeartú i gcaitheamh na bliana leis an nós imeachta céanna.

6. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ghlacadh agus í a chur ar aghaidh, faoin 15 Meitheamh ar a dhéanaí, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig na Ballstáit.

7. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis uile a bhaineann le toradh na nósanna imeachta meastóireachta a chur ar aghaidh, ar bhonn bliantúil, chuig an údarás buiséadach.

*Airteagal 9*

1. Beidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar an nGníomhaireacht agus is é an Bord Bainistíochta a cheapfaidh é ar thogra ón gCoimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana, ar tréimhse í a bheidh inathnuaite.

Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaí dlíthiúil na Gníomhaireachta.

Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:

(a) na cinntí agus na cláir arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú agus a fhorghníomhú go cuí;

(b) riarachán na Gníomhaireachta ó lá go lá;

(c) na cúraimí a shainítear in Airteagal 12 agus in Airteagal 13 a chomhlíonadh;

(d) na tuarascálacha a shonraítear in Airteagal 2 (h) a ullmhú agus a fhoilsiú;

(e) na nithe go léir a bhaineann leis an bhfoireann agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 8(4) agus (5) a chomhlíonadh.

Gheobhaidh sé tuairim an choiste eolaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 10, chun críocha foireann eolaíochta na Gníomhaireachta a earcú.

2. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cuntasach don Bhord Bainistíochta as a chuid gníomhaíochtaí.

*Airteagal 10*

1. Tabharfaidh coiste eolaíochta cúnamh don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar coiste é a thabharfaidh tuairim uaidh i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis an Rialachán seo agus maidir le haon ábhar eolaíochta a bhaineann le gníomhaíocht na Gníomhaireachta agus a chuirfidh an Bord Bainistíochta nó an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoina bhráid.

Foilseofar tuairimí an choiste eolaíochta.

2. Beidh an coiste eolaíochta comhdhéanta de chomhaltaí atá saincháilithe i réimse an chomhshaoil agus a n-ainmneoidh an Bord Bainistíochta iad ar feadh téarma ceithre bliana a bheidh inathnuaite uair amháin, agus cuirfidh an Bord san áireamh, *inter alia*, na réimsí eolaíochta nach mór ionadaíocht a dhéanamh orthu ar an gcoiste chun cuidiú leis an nGníomhaireacht ina cuid réimsí gníomhaíochta. Feidhmeoidh sé faoi mar a chinnfear leis na rialacha nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(2).

*Airteagal 11*

1. Tarraingeofar suas meastacháin ioncaim agus caiteachais uile na Gníomhaireachta do gach bliain airgeadais, ar bliain í a chomhfhreagróidh don bhliain féilire, agus taifeadfar na meastacháin sin i mbuiséad na Gníomhaireachta.

2. Ní foláir an t-ioncam agus an caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad a bheith ar comhardú.

3. Is é a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta, gan dochar d'aon acmhainní eile, ná fóirdheontas ón gComhphobal arna thaifeadadh i mbuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach agus íocaíochtaí i leith seirbhísí a sholáthraítear.

4. Áireofar i gcaiteachas na Gníomhaireachta, *inter alia*, luach saothair na foirne, caiteachais riaracháin agus bonneagair, costais oibriúcháin agus caiteachas a bhaineann le conarthaí a thugtar i gcrích le hinstitiúidí nó le comhlachtaí ar cuid den Ghréasán iad agus le tríú páirtithe.

*Airteagal 12*

1. Gach bliain déanfaidh an Bord Bainistíochta, ar bhonn dréachta arna tharraingt suas ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ráiteas faoi mheastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta a thabhairt ar aird don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an ráiteas sin faoi mheastacháin, ina gcuimseofar dréachtphlean bunaíochta, a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta ar a dhéanaí.

2. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas faoi mheastacháin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (dá ngairtear an t-údarás buiséadach anseo feasta) mar aon leis an réamhdhréacht de bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach.

3. Ar bhonn an ráitis faoi mheastacháin, déanfaidh an Coimisiún na meastacháin a mheasann sé is gá don phlean bunaíochta agus méid an fhóirdheontais a mhuirearófar ar an mbuiséad ginearálta a thaifeadadh sa réamhdhréacht de bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, agus cuirfidh sé an réamhdhréacht sin faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 272 den Chonradh.

4. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí don fhóirdheontas a thabharfar don Ghníomhaireacht.

Glacfaidh an t-údarás buiséadach an plean bunaíochta don Ghníomhaireacht.

5. Is é an Bord Bainistíochta a ghlacfaidh an buiséad. Beidh an buiséad críochnaitheach i ndiaidh ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach. Déanfar é a choigeartú dá réir sin i gcás inarb iomchuí.

6. Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl don údarás buiséadach, a luaithe is féidir, go bhfuil ar intinn aige aon tionscadal a chur chun feidhme a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige maidir le cistiú an bhuiséid, go háirithe aon tionscadail a bhaineann le maoin amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

I gcás ina mbeidh brainse den údarás buiséadach tar éis a chur in iúl go bhfuil ar intinn aige tuairim a thabhairt uaidh, cuirfidh sé a thuairim ar aghaidh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de thréimhse sé seachtaine ón dáta a bhfaigheann sé fógra maidir leis an tionscadal.

*Airteagal 13*

1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chuirfidh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.

2. Faoin 1 Márta, ar a dhéanaí, i ndiaidh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin mar aon le tuarascáil ar an mbainistíocht buiséid agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Comhdhlúthóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí díláraithe i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme ar bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ([1]).

3. Faoin 31 Márta, ar a dhéanaí, i ndiaidh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, mar aon le tuarascáil ar an mbainistíocht buiséid agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Déanfar an tuarascáil ar an mbainistíocht buiséid agus airgeadais don bhliain airgeadais sin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin.

4. Ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta faoi Airteagal 129 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002, tarraingeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suas cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta ar a fhreagracht féin agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil.

5. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh ar chuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta.

6. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, faoin 1 Iúil ar a dhéanaí i ndiaidh gach bliana airgeadais, na cuntais chríochnaitheacha, mar aon le tuairim an Bhoird Bainistíochta, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

7. Déanfar na cuntais chríochnaitheacha a fhoilsiú.

8. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra ar a cuid barúlacha a chur chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 30 Meán Fómhair ar a dhéanaí. Cuirfidh sé an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin.

9. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, an fhaisnéis go léir is gá le haghaidh chur i bhfeidhm rianúil an nós imeachta urscaoilte don bhliain airgeadais i dtrácht, de réir mar atá leagtha síos in Airteagal 146(3) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002, a chur faoi bhráid na Parlaiminte.

10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, roimh an 30 Aibreán den bhliain N + 2, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain N.

*Airteagal 14*

Glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní fhéadfaidh siad imeacht ó Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2002 maidir leis an gcreat-Rialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme ar bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ([2]), mura rud é go bhfuil gá sonrach leis an imeacht sin le haghaidh oibriú na Gníomhaireachta agus mura rud é go bhfuil a thoiliú tugtha ag an gCoimisiún roimh ré.

*Airteagal 15*

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht iarracht ghníomhach chun comhoibriú a fháil ó chomhlachtaí agus ó chláir eile an Chomhphobail, agus go háirithe ón Airmheán Comhpháirteach Taighde, ó Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (Eurostat) agus ó chláir thaighde agus forbartha comhshaoil an Chomhphobail. Go háirithe:

(a) áireofar na cúraimí a leagtar amach in Iarscríbhinn I faoi A sa chomhoibriú leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde;

([1]) IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

([2]) IO L 357, 31.12.2002, lch. 72.

(b) déanfar an comhordú le Eurostat agus le clár staidrimh na gComhphobal Eorpach a chur i gcrích de réir na dtreoirlínte a dtugtar achoimre orthu in Iarscríbhinn I faoi B.

2. Comhoibreoidh an Ghníomhaireacht go gníomhach freisin le comhlachtaí eile amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), Comhairle na hEorpa agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh mar aon leis na Náisiúin Aontaithe agus a shaighghníomhaireachtaí, go háirithe Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda agus an tÚdarás Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

3. Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhoibriú i réimsí leasa choitinn leis na hinstitiúidí sin i dtíortha nach baill den Chomhphobal iad, ar institiúidí iad ar féidir leo sonraí, faisnéis agus saineolas, modheolaíochtaí bailithe sonraí, anailíse sonraí agus measúnaithe sonraí a sholáthar, ar nithe leasa fhrithpháirtigh iad a bhfuil gá leo chun obair na Gníomhaireachta a thabhairt chun críche go rathúil.

4. Ní mór, go háirithe, maidir leis an gcomhoibriú dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3, go gcuirfear san áireamh ann an gá le haon dúbailt saothair a sheachaint.

*Airteagal 16*

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach maidir leis an nGníomhaireacht.

*Airteagal 17*

Beidh foireann na Gníomhaireachta faoi réir ag na Rialacháin agus ag na Rialacha is infheidhme maidir le hoifigigh agus le seirbhísigh eile de chuid na gComhphobal Eorpach.

Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht, maidir lena cuid foirne, na cumhachtaí a tugadh don Údarás Ceapacháin.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta, le comhaontú an Choimisiúin, na rialacha cuí cur chun feidhme a ghlacadh.

*Airteagal 18*

1. Beidh dliteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun breithiúnas a thabhairt de bhun clásail eadrána i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht.

2. I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arbh é an Ghníomhaireacht nó a seirbhísigh ba chúis leis i gcomhlíonadh a ndualgas.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh in aon damáiste den sórt sin.

3. Beidh dliteanas pearsanta a seirbhíseach i leith na Gníomhaireachta faoi rialú ag na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta.

*Airteagal 19*

Maidir le tíortha nach baill den Chomhphobal iad ach ar cás leo, mar is cás leis an gComhphobal agus leis na Ballstáit, cuspóirí na Gníomhaireachta, tá an Ghníomhaireacht ar oscailt dóibh faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir iad agus an Comhphobal i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 300 den Chonradh.

*Airteagal 20*

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90, arna leasú leis na Rialacháin a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 21*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreán 2009.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
H.-G. PÖTTERING

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NEČAS

*IARSCRÍBHINN I*

A. **Comhoibriú leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde**

— Comhchuibhiú modhanna tomhais don chomhshaol ([1]),

— Idirchalabrú ionstraimí ([1]),

— Caighdeánú formáidí sonraí,

— Forbairt modhanna agus ionstraimí nua tomhais don chomhshaol,

— Cúraimí eile de réir mar a chomhaontaítear idir Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta agus Ard-Stiúrthóir an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

B. **Comhoibriú le Eurostat**

1. Úsáidfidh an Ghníomhaireacht, a mhéid is féidir, faisnéis arna bailiú trí sheirbhísí oifigiúla staidrimh an Chomhphobail. Leanann sé sin as obair Eurostat agus na seirbhísí náisiúnta staidrimh maidir le bailiú, bailíochtú agus scaipeadh staidrimh shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear na cuntais náisiúnta agus faisnéis ghaolmhar.

2. Déanfar an clár staidrimh i réimse an chomhshaoil a chomhaontú idir Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta agus Ard-Stiúrthóir Eurostat agus cuirfear é faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus an Choiste um an gClár Staidrimh chun é a fhormheas.

3. Ceapfar agus cuirfear chun feidhme an clár staidrimh faoi chuimsiú an chreata arna bhunú ag na comhlachtaí idirnáisiúnta staidrimh, amhail Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Comhdháil na Staitisteoirí Eorpacha agus an OECD.

---

([1]) Déanfar an obair arna déanamh ag an Institiúid um Ábhair agus um Thomhais Tagartha a chur san áireamh sa chomhoibriú sna réimsí sin freisin.

*IARSCRÍBHINN II*

**An Rialachán Aisghairthe maille le liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air**

*(dá dtagraítear in Airteagal 20)*

| | |
|---|---|
| Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90 ón gComhairle | (IO L 120, 11.5.1990, lch. 1) |
| Rialachán (CE) Uimh. 933/1999 ón gComhairle | (IO L 117, 5.5.1999, lch. 1) |
| Rialachán (CE) Uimh. 1641/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 245, 29.9.2003, lch. 1) |

*IARSCRÍBHINN III*

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Rialachán (CEE) Uimh. 10/1920 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1(1) | Airteagal 1(1) |
| Airteagal 1(2), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 1(2), an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 1(2), an chéad fhleasc | Airteagal 1(2), pointe (a) |
| Airteagal 1(2), an dara fleasc | Airteagal 1(2), pointe (b) |
| Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 2, pointe (i) | Airteagal 2, pointe (a) |
| Airteagal 2, pointe (ii), an chéad fhleasc | Airteagal 2, pointe (b) |
| Airteagal 2, pointe (ii), an dara fleasc | Airteagal 2, pointe (c) |
| Airteagal 2, pointe (ii), an tríú fleasc | Airteagal 2, pointe (d) |
| Airteagal 2, pointe (iii) | Airteagal 2, pointe (e) |
| Airteagal 2, pointe (iv) | Airteagal 2, pointe (f) |
| Airteagal 2, pointe (v) | Airteagal 2, pointe (g) |
| Airteagal 2, pointe (vi) | Airteagal 2, pointe (h) |
| Airteagal 2, pointe (vii) | Airteagal 2, pointe (i) |
| Airteagal 2, pointe (viii) | Airteagal 2, pointe (j) |
| Airteagal 2, pointe (ix) | Airteagal 2, pointe (k) |
| Airteagal 2, pointe (x) | Airteagal 2, pointe (l) |
| Airteagal 2, pointe (xi) | Airteagal 2, pointe (m) |
| Airteagal 2, pointe (xii) | Airteagal 2, pointe (n) |
| Airteagal 2, pointe (xiii) | Airteagal 2, pointe (o) |
| Airteagal 3(1), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 3(1), an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 3(1)(i) | Airteagal 3(1)(a) |
| Airteagal 3(1)(ii) | Airteagal 3(1)(b) |
| Airteagal 3(1)(iii) | Airteagal 3(1)(c) |
| Airteagal 3(1), an fhoclaíocht deiridh | Airteagal 3(1), an fhoclaíocht deiridh |
| Airteagal 3(2), an chéad fhomhír | Airteagal 3(2), an chéad fhomhír |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 3(2), an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an chéad fhleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (a) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an dara fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (b) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an tríú fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (c) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an ceathrú fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (d) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an cúigiú fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (e) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an séú fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (f) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an seachtú fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (g) |
| Airteagal 3(2), an dara fomhír, an t-ochtú fleasc | Airteagal 3(2), an dara fomhír, pointe (h) |
| Airteagal 3(2), an tríú fomhír | Airteagal 3(2), an tríú fomhír |
| Airteagal 3(2), an ceathrú fomhír | Airteagal 3(2), an ceathrú fomhír |
| Airteagal 3(3) | Airteagal 3(3) |
| Airteagal 4(1), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 4(1), an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 4(1), an chéad fhleasc | Airteagal 4(1), pointe (a) |
| Airteagal 4(1), an dara fleasc | Airteagal 4(1), pointe (b) |
| Airteagal 4(1), an tríú fleasc | Airteagal 4(1), pointe (c) |

| Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, ó 'to' go 'networks' | — |
| Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, ó 'especially' go 'territory' | Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, an fhoclaíocht deiridh |
| Airteagal 4(2), an dara fomhír | Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, an dara fomhír agus an tríú fomhír |
| Airteagal 4(3) | Airteagal 4(3) |
| Airteagal 4(4) | Airteagal 4(4), an chéad fhomhír, an dara fomhír agus an tríú fomhír |
| Airteagal 4(5), an chéad fhomhír | — |
| Airteagal 4(5), an dara fomhír | Airteagal 4(5) |
| Airteagal 4(6) agus (7) | Airteagal 4(6) agus (7) |
| Airteagal 5 | Airteagal 5, an chéad fhomhír agus an dara fomhír |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 6(2) | — |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 6(2) |
| Airteagal 7 agus Airteagal 8 | Airteagal 7 agus Airteagal 8 |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an chéad abairt | Airteagal 9(1), an chéad fhomhír |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an dara habairt | Airteagal 9(1), an dara fomhír |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 9(1), an tríú fomhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an chéad fhleasc | Airteagal 9(1), an tríú fomhír, pointe (a) |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an dara fleasc | Airteagal 9(1), an tríú fomhír, pointe (b) |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an tríú fleasc | Airteagal 9(1), an tríú fomhír, pointe (c) |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an ceathrú fleasc | Airteagal 9(1), an tríú fomhír, pointe (d) |
| Airteagal 9(1), an chéad fhomhír, an cúigiú fleasc | Airteagal 9(1), an tríú fomhír, pointe (e) |
| Airteagal 9(1), an dara fomhír | Airteagal 9(1), an ceathrú fomhír |
| Airteagal 9(2) | Airteagal 9(2) |
| Airteagal 10 | Airteagal 10 |
| Airteagal 11 | Airteagal 11 |
| Airteagal 12 | Airteagal 12 |
| Airteagal 13 | Airteagal 13 |
| Airteagal 14 | Airteagal 14 |
| Airteagal 15(1), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 15(1), an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 15(1), an chéad fhleasc | Airteagal 15(1), pointe (a) |
| Airteagal 15(1), an dara fleasc | Airteagal 15(1), pointe (b) |
| Airteagal 15(2) | Airteagal 15(2) |
| Airteagal 15(2a) | Airteagal 15(3) |
| Airteagal 15(3) | Airteagal 15(4) |
| Airteagal 16 | Airteagal 16 |
| Airteagal 17 | Airteagal 17 |
| Airteagal 18 | Airteagal 18 |
| Airteagal 19 | Airteagal 19 |
| Airteagal 20 | — |
| — | Airteagal 20 |
| Airteagal 21 | Airteagal 21 |
| Iarscríbhinn | Iarscríbhinn I |
| — | Iarscríbhinn II |
| — | Iarscríbhinn III |

**CEARTÚCHÁN**

**Ar Chinneadh 2002/772/CE, CEFA ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 agus an 23 Meán Fómhair 2002 a leasaíonn an Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomchoiteann dhíreach, i gceangal le Chinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom**

*(Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach L 283 an 21 Deireadh Fómhair 2002)*

Leathanach 1, Teideal:

*In ionad:* 'Cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 agus an 23 Meán Fómhair 2002 a leasaíonn an Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomchoiteann dhíreach, i gceangal le Chinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom',

*Léitear:* 'Cinneadh 2002/772/CE, CEFA ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 agus an 23 Meán Fómhair 2002 lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomchoiteann dhíreach, i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom';

Leathanach 2, pointe 7(b) d'Airteagal 1

*In ionad:* 'féadfaidh comhaltaí de Dháil Éireann a thoghtar do Pharlaimint na hEorpa ag toghchán iardain sainordú dúbailte a bheith acu go dtí an chéad toghchán eile do Dháil Éireann tráth a bheidh an chéad fhomhír den mír seo infheidhme',

*Léitear:* 'féadfaidh comhaltaí de Pharlaimint Náisiúnta na hÉireann a thoghtar do Pharlaimint na hEorpa ag toghchán iardain sainordú dúbailte a bheith acu go dtí an chéad toghchán eile do Pharlaimint Náisiúnta na hÉireann, tráth a bheidh an chéad fhomhír den mhír seo infheidhme';

Leathanach 3, pointe 10(b) d'Airteagal 1:

*In ionad:* '(b) sa dara fomhír de mhír 2, cuirtear "tréimhse eile toghchánaíochta a shocrú, mí amháin ar a laghad roimh dheireadh an téarma cúig bliana dá dtagraítear in Airteagal 3, ar tréimhse í nach luaithe ná dhá mhí roimh" in ionad "tréimhse eile a shocrú nach luaithe ná mí roimh"',

*Léitear:* '(b) sa dara fomhír de mhír 2, cuirtear "tréimhse eile toghchánaíochta a shocrú, bliain amháin ar a laghad roimh dheireadh an téarma cúig bliana dá dtagraítear in Airteagal 3, ar tréimhse í nach luaithe ná dhá mhí roimh" in ionad "tréimhse eile a shocrú na luaithe ná mí roimh".'

## COSTAS SÍNTIÚIS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 000 sa bhliain (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 100 sa mhí (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 700 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 70 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 40 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 500 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

| | | |
|---|---|---|
| (*) Á díol de réir uimhreach: | suas go 32 leathanach: | EUR 6 |
| | ó 33 go 64 leathanach: | EUR 12 |
| | níos mó ná 64 leathanach: | Praghas socraithe i ngach cás. |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## Díolacháin agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu
OIFIG FOILSEACHÁN OIFIGIÚIL NA gCOMHPHOBAL EORPACH
L-2985 LUCSAMBURG

GA